

## Foirm Dhearbhaithe i gcomhair Clárúcháin

1. Má thugtar rochtain dom ar Leabharlann Náisiúnta na hÉireann agus ar a cuid bailiúchán, geallaim gur i gcomhair taighde agus staidéar príobháideach amháin a úsáidfídh mé na bailiúcháin agus aon chóip nó cóipeanna a dhéanfaidh mé de na bailiúcháin (i cibé foirm nó meán lena n-áirítear íomhánna agus cóipeanna digiteacha) (ar a dtabharfar na 'Cóipeanna' anseo feasta), agus geallaim freisin nach soláthróidh mé na Cóipeanna ná cóip díobh d'aon duine eile. Geallaim gan na Cóipeanna a mhacasamhlú in aon fhormáid lena bhfoilsíú in aon mheán (an Gréasán Domhanda san áireamh). Tuigim gur orm féin atá an fhreagracht a chinntiú nach sáróidh mé cóipcheart ná cearta morálta agus aontaím Leabharlann Náisiúnta na hÉireann a shlánú as aon chaillteanas, éilimh, damáistí, costais agus speansais (lena n-áirítear costais dlí) a eascróidh as mo chuid ghníomhaíochtaí nó a bheidh bainteach leo (lena n-áirítear úsáid na gCóipeanna lasmuigh de raon feidhme mhír 2).
2. I gcás gur mian liom na Cóipeanna a úsáid chun aon chríche eile seachas iadsan a léirítear i mír 1 thuas, geallaim cead scríofa a fháil roimh ré ó Leabharlann Náisiúnta na hÉireann.
3. Admhaím go gcoimeádann Leabharlann Náisiúnta na hÉireann gach ceart de cibé cineál i leith na mbailiúcháin (lena n-áirítear cóipcheart, nuair is infheidhme), gur aici atá na cearta sin, agus, a mhéid a cheadaítear le dlí, gur aici a bheidh aon chearta maoine intleachtúla amach anseo i mbailiúcháin dá leithéid, lena n-áirítear aon chearta faoi Alt 34 den Acht Cóipchirt agus Ceart Gaolmhar, 2000, arna leasú. Aontaím gan aon rud a dhéanamh a chuirfidh isteach ar na cearta sin ná féachaint le haon chearta a éileamh i leith na mbailiúcháin gan cead a fháil roimh ré ó Leabharlann Náisiúnta na hÉireann. A mhéid nach bhfuil aon chearta den sórt sin (lena n-áirítear aon chearta faoi Alt 34) dílsithe do Leabharlann Náisiúnta na hÉireann, aontaím aon chearta den sórt sin a shealbhú ar iontaobhas do Leabharlann Náisiúnta na hÉireann.